# Deontas Mionoibreacha Covid a úsáid chun earraí Neamh-Chaipitil a cheannach

**(Rinneadh an nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo i Lúnasa 2024)**

## 1. Réamhrá

Faoin deontas Mionoibreacha Covid, bhí an scóip ann chun airgead a chaitheamh ar earraí a bhféadfadh sé nár earraí caipitil iad. Bhí an caiteachas seo le léiriú mar chostas sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith ina samplaí de chaiteachas den chineál seo:

- athchumrú ar an spás seomra ranga,
- athearraíocht a bhaint as seomraí chun spás breise a chur ar fáil,
- áiseanna stórála a oiriúnú,
- leagan amach deisce a athrú,
- Aonaid dáilte díghalráin lámh a shuiteáil,
- spás/cóiríocht bhreise a fháil ar cíos gearrthéarmach, srl.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, caiteachas an deontais agus aon iarmhéid nár caitheadh.

### 2.1 Nuair a fuarthas ioncam an deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Mionoibreacha Covid Airgead Deontais Faighte | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2169 | Mionoibreacha COVID Deontas Mionoibreacha Gan chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

**2.2 Nuair a úsáidtear an Deontas Mionoibreacha Covid chun Caiteachas Neamhchaipitil a cheannach:**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas Trealaimh Neamhchaipitil a Thaifeadadh | DR | 5316 | Deontas i leith Mionoibreacha Covid Costas<br>Caiteachas |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| An Deontas Mionoibreacha Covid a aistriú chuig Ioncam | DR | 2169 | Mionoibreacha COVID Deontas gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3277 | Deontas i leith Mionoibreacha COVID<br>Ioncam |

**2.3 Cuntas ar iarmhéid an deontais nár caitheadh**

Is deontas imfhálaithe é an deontas Mionoibreacha Covid agus ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoin gcód ainmniúil 2166 Deontas Mionoibreacha Covid nár Caitheadh.